# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 4

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 65

7 Eanáir 2022


Clár


II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/8 ón gCoimisiún an 6 Eanáir 2022 lena leasaítear den 326ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIS (Da’esh) agus Al-Qaida** ..... 1

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2022/9 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Truailliú na Meánmhara trí Dhumpáil ó Longa agus ó Aerárthaí nó trí Loscadh ar Muir a Chosc agus a Dhíothú (Prótacal Dumpála)** ..... 4

★ **Cinneadh (AE) 2022/10 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh (Prótacal LBS)** ..... 6

★ **Cinneadh (AE) 2022/11 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaighag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiúnmaidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadhlena leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus IV agus Iarscríbhinn VII, roinn A,a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliúó Thaiscéalaíocht agus ó Shaothrú na Scairbhe Ilchríochaíagus Ghrinneall na Farraige agus a Fho-ithreach (Prótacal Eischósta)** ..... 8


GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ **Cinneadh (AE) 2022/12 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le chinneadh a ghlacadh chun an Mheánmhuir, ina hiomláine, a ainmniú mar limistéar rialála astaíochtaí ocsaídí sulfair (ECA $SO_x$ na Meánmhara) de bhun Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Coinbhinsiún MARPOL)** ........ 10

★ **Cinneadh (AE) 2022/13 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir leis an bPlean Réigiúnach maidir le Bruscar Muirí a Bhainistiú sa Mheánmhuir a leasú faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh (Prótacal LBS)** ........ 12

★ **Cinneadh (AE) 2022/14 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun Pleananna Réigiúnacha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus le Bainistiú Sloda Séarachais a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh (Prótacal LBS)** ........ 14

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/15 ón gCoimisiún an 6 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le steiriliú táirgí cúraim sláinte, próiseáil aiseipteach táirgí cúraim sláinte, córais bainistíochta cáilíochta, siombailí atá le húsáid leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag an monaróir agus ceanglais maidir le hinrianaitheacht mhéadreolaíoch a shuí i gcás luachanna a shanntar do chalabróirí, d'ábhair rialaithe fíre agus do shamplaí daonna** ........ 16

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/8 ÓN gCOIMISIÚN

**an 6 Eanáir 2022**

**lena leasaítear den 326ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIS (Da'esh) agus Al-Qaida**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIS (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis arna gcumhdach ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 3 Eanáir 2022, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe cúig iontráil a bhaint de liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Eanáir 2022.

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9.

*Thar ceann an Choimisiúin,*

*Ar son an Uachtaráin,*

*An tArd-Stiúrthóir*

*An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,*
*Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil*

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, scriostar na hiontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal “Daoine nádúrtha”:

(1) “Mevlüt Kar (ailias (a) Mevluet Kar, (b) Abu Obaidah, (c) Obeidah Al Turki, (d) Al-Turki, (e) Al Turki Kyosev, (f) Yanal Yusov, (g) Abu Udejf el-Turki, (h) Abu Obejd el-Turki, (i) Abdurrahman Almanci). Dáta breithe: 25.12.1978. Áit bhreithe: Ludwigshafen, an Ghearmáin. Náisiúntacht: Turcach. Uimhir phas: TR-M842033 Pas Turcach a d’eisigh Ard-Chonsalacht na Tuirce in Mainz, an Ghearmáin, an 2 Bealtaine 2002, agus a chuaigh as feidhm an 24 Iúil 2007). Faisnéis eile: (a) Seoladh roimhe seo (Lúnasa 2009): Güngören Merkez Mahallesi Toros Sokak 6/5, Iostanbúl, an Tuirc; (b) Bainteach leis an nGrúpa Jiohád Ioslamaigh. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(4)(b): 25.1.2012.”

(2) “Denis Mamadou Gerhard Cuspert (ailias Abu Talha al-Almani). Dáta breithe: 18.10.1975. Áit bhreithe: Beirlín, an Ghearmáin. Náisiúntacht: Gearmánach. Uimh. aitheantais náisiúnta: 2550439611 (uimhir aitheantais náisiúnta Ghearmánaigh, eisithe i gceantar Friedrichshain-Kreuzberg Bheirlín, an Ghearmáin, an 22.4.2010, as feidhm an 21.4.2020). Seoladh: Karl-Marx-Str. 210, 12055 Beirlín, an Ghearmáin. Faisnéis eile: (a) Tuairisc ar a chuma fhisiceach: dath na súl: donn; dath gruaige: dubh; airde: 178cm. Tatúnna: BROKEN DREAMS i litreacha (ar a dhroim) agus tírdhreach na hAfraice (ar uachtar na láimhe deise); (b) Ainm an athar: Richard Luc-Giffard; (c) Ainm na máthar: Sigrid Cuspert; (d) Lonnaithe i gceantar na Siria/na Tuirce (an cás mar a bhí i mí Eanáir 2015). Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(4)(b): 10.2.2015.”

(3) “Nayef Salam Muhammad Ujaym Al-Hababi (ailias (a) Nayf Salam Muhammad Ujaym al-Hababi, (b) Faruq al-Qahtani, (c) Faruq al-Qatari, (d) Farouq al-Qahtani al Qatari, (e) Sheikh Farooq al-Qahtani, (f) Shaykh Imran Farouk, (g) Sheikh Faroq al-Qatari). Dáta breithe: (a) 1981, (b) Thart ar 1980. Áit bhreithe: an Araib Shádach. Náisiúntacht: (a) an Araib Shádach, (b) Catar. Uimhir phas: 592667 (pas Catarach a eisíodh an 3 Bealtaine 2007). Seoladh: an Afganastáin (ó 2009). Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 28.3.2016.”

(4) “Turki Mubarak Abdullah Ahmad Al-Binali (ailias (a) Turki Mubarak Abdullah Al Binali, (b) Turki Mubarak al-Binali (c) Turki al-Benali, (d) Turki al-Binali, (e) Abu Human Bakr ibn Abd al-Aziz al-Athari, (f) Abu Bakr al-Athari, (g) Abu Hazm al-Salafi (h) Abu Hudhayfa al-Bahrayni, (i) Abu Khuzayma al-Mudari, (j) Abu Sufyan al-Sulami, (k) Abu Dergham, (l) Abu Human al-Athari). Dáta breithe: 3.9.1984. Áit bhreithe: Al Muharraq, Bairéin. Náisiúntacht: Bairéanach (rinneadh cúlghairm ar a shaoránacht i mí Eanáir 2015). Uimhir phas: (a) 2231616 Pas Bairéanach a eisíodh an 2.1.2013 agus a rachaidh as feidhm 2.1.2023, (b) 1272611 Pas Bairéanach roimhe sin, a eisíodh an 1.4.2003, (c) 840901356 Uimhir aitheantais náisiúnta. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 20.4.2016.”

(5) “Tuah Febriwansyah (ailias (a) Tuah Febriwansyah bin Arif Hasrudin, (b) Tuwah Febriwansah (c) Muhammad Fachri (d) Muhammad Fachria (e) Muhammad Fachry). Dáta breithe: 18.2.1968. Áit bhreithe: Iacárta, an Indinéis. Náisiúntacht: an Indinéis. Seoladh: Jalan Baru LUK, No 1, RT 05/07, Kelurahan Bhakti Jaya, Focheantar Setu, Ceantar Pamulang, Tangerang Selatan, Cúige Banten, an Indinéis. Cárta Aitheantais Náisiúnta Indinéiseach uimh. 09.5004.180268.0074. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 20.4.2016.”

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/9 ÓN gCOMHAIRLE

### an 2 Nollaig 2021

### maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Truailliú na Meánmhara trí Dhumpáil ó Longa agus ó Aerárthaí nó trí Loscadh ar Muir a Chosc agus a Dhíothú (Prótacal Dumpála)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh 77/585/CEE ón gComhairle ([1]), thug an tAontas i gcrích an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara ("Coinbhinsiún Barcelona") maidir le Truailliú na Meánmhara trí Dhumpáil ó Longa agus ó Aerárthaí nó trí Loscadh ar Muir a Chosc agus a Dhíothú ("an Prótacal Dumpála"), agus is ar an 15 Aibreán 1978 a tháinig sé i bhfeidhm.

(2) De bhun Airteagal 18(2), pointe (iii), de Choinbhinsiún Barcelona, tá cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail le leasuithe a ghlacadh ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis na Prótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(3) Ag an 22ú cruinniú dá gcuid, ón 7 go dtí an 10 Nollaig 2021, táthar ag súil go nglacfaidh na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail cinneadh ("Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha") lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal Dumpála maidir leis na tosca a bheidh le breithniú agus critéir á mbunú lena rialófar eisiúint ceadanna chun ábhar a dhumpáil ar muir, agus Airteagal 6 den Phrótacal Dumpála á chur san áireamh.

(4) Is le cosaint an chomhshaoil, ar inniúlacht chomhroinnte í idir an tAontas agus na Ballstáit faoi Airteagal 4(2), pointe (e), den Chonradh, a bhaineann Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha. Ní chuimsítear Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha faoi aon réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais maidir leis an gcosaint sin. Níl sé de rún ag an Aontas úsáid a bhaint as an bhféidearthacht a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear le Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha, nár feidhmíodh a inniúlacht go hinmheánach ina leith go fóill.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail a bhunú ó tharla go mbaineann Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha le leasuithe a ghlacadh ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal Dumpála a bheidh ina gceangal ar an Aontas.

([1]) Cinneadh 77/585/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1977 lena dtugtar i gcrích an Coinbhinsiún chun an Mheánmhuir a chosaint i gcoinne truailliú agus an Prótacal maidir le truailliú na Meánmhara trí dhumpáil ó longa agus ó aerárthaí a chosc (IO L 240, 19.9.1977, lch. 1).

(6) Toisc go ndéanfar i ngeall ar na leasuithe atá beartaithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal Dumpála ceanglais a bhaineann le cosaint na Meánmhara a nuashonrú, difear do ghealltanais agus uaillmhianta idirnáisiúnta an Aontais, agus feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ba cheart don Aontas tacú le glacadh an Chinnidh ó na Páirtithe Conarthacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail tacú le cinneadh a ghlacadh lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Truailliú na Meánmhara trí Dhumpáil ó Longa agus ó Aerárthaí nó trí Loscadh ar Muir a Chosc agus a Dhíothú.

*Airteagal 2*

I bhfianaise forbairtí ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a mhionchoigeartú le linn na gcruinnithe comhordaithe a bheidh ar siúl ar an láthair gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. VRTOVEC

# CINNEADH (AE) 2022/10 ÓN gCOMHAIRLE

## an 2 Nollaig 2021

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh (Prótacal LBS)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe a Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Prótacal leasaithe a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara ("Coinbhinsiún Barcelona") i dtaca le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh ("Prótacal LBS"), thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinneadh 1999/801/CE ón gComhairle [1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Bealtaine 2008.

(2) De bhun Airteagal 18(2), pointe (iii), de Choinbhinsiún Barcelona, tá cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail le leasuithe a ghlacadh ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis na Prótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(3) Ag an 22ú cruinniú dá gcuid, ón 7 go dtí 10 Nollaig 2021, táthar ag súil go nglacfaidh na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail, cinneadh ("Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha") lena leasaítear na hIarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann le Prótacal LBS chun forbairtí rialála, eolaíocha agus teicniúla a bhaineann le foinsí agus gníomhaíochtaí ar talamh a chur san áireamh ar baineadh amach iad ar an leibhéal domhanda agus réigiúnach.

(4) Is le cosaint an chomhshaoil, ar inniúlacht chomhroinnte í idir an tAontas agus na Ballstáit faoi Airteagal 4(2), pointe (e), den Chonradh a bhaineann Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha. Ní chuimsítear Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha faoi aon réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais maidir leis an gcosaint sin. Níl sé de rún ag an Aontas úsáid a bhaint as an bhféidearthacht a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear le Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha nár feidhmíodh a inniúlacht go hinmheánach ina leith go fóill.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail a bhunú, ó tharla go mbaineann Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal LBS, leasuithe a bheidh ina gceangal ar an Aontas.

(6) Toisc go ndéanfar i ngeall ar na leasuithe ar atá beartaithe ar Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann le Prótacal LBS ceanglais a bhaineann le cosaint na Meánmhara a nuashonrú, difear do ghealltanais agus uaillmhianta idirnáisiúnta an Aontais, agus feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ba cheart don Aontas tacú le glacadh an Chinnidh ó na Páirtithe Conarthacha,

[1] Cinneadh 1999/801/CE ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1999 maidir leis na leasuithe ar an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar thruailliú ó fhoinsí ar talamh a ghlacadh (Coinbhinsiún Barcelona) (IO L 322, 14.12.1999, lch. 18).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail tacú le cinneadh a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh.

*Airteagal 2*

I bhfianaise forbairtí ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a mhionchoigeartú le linn na gcruinnithe comhordaithe a bheidh ar siúl ar an láthair gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. VRTOVEC

**CINNEADH (AE) 2022/11 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 2 Nollaig 2021**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaighag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiúnmaidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara(Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadhlena leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus IV agus Iarscríbhinn VII, roinn A,a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliúó Thaiscéalaíocht agus ó Shaothrú na Scairbhe Ilchríochaíagus Ghrinneall na Farraige agus a Fho-ithreach (Prótacal Eischósta)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (“Coinbhinsiún Barcelona”) i dtaca le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Thaiscéalaíocht agus ó Shaothrú na Scairbhe Ilchríochaí agus Ghrinneall na Farraige agus a Fho-ithreach (“an Prótacal Eischósta”), thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinneadh 2013/5/AE ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 29 Márta 2013.

(2) De bhun Airteagal 18(2), pointe (iii), de Choinbhinsiún Barcelona, tá cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis le leasuithe a ghlacadh ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis na Prótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(3) Ag an 22ú cruinniú dá gcuid, ón 7 go dtí 10 Nollaig 2021, táthar ag súil go nglacfaidh na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail cinneadh (“Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha”) lena leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus IV agus Iarscríbhinn VII, roinn A, a ghabhann leis an bPrótacal Eischósta.

(4) Baineann cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha le cosaint an chomhshaoil, ar inniúlacht chomhroinnte í idir an tAontas agus na Ballstáit faoi Airteagal 4(2)(e) den Chonradh. Ní chuimsítear an Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha faoi aon réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais maidir leis an gcosaint sin. Níl sé de rún ag an Aontas úsáid a bhaint as an bhféidearthacht a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear le Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha nár feidhmíodh a inniúlacht go hinmheánach ina leith go fóill.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail a bhunú ó tharla go mbaineann Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinní I, II, III, IV agus Iarscríbhinn VII, roinn A, a ghabhann leis an bPrótacal Eischósta a bheidh ina gceangal ar an Aontas.

(6) Toisc go nuashonrófar ceanglais a bhaineann le cosaint na Meánmhara, go ndéanfar difear do ghealltanais agus d’uaillmhianta idirnáisiúnta an Aontais agus go bhfeabhsófar cosaint an chomhshaoil leis na leasuithe ar Iarscríbhinní I, II, III, agus IV agus Iarscríbhinn VII, roinn A, don Phrótacal Eischósta atá beartaithe, ba cheart don Aontas tacú le glacadh Chinnidh ó na Páirtithe Conarthacha,

([1]) Cinneadh 2013/5/AE ón gComhairle an 17 Nollaig 2012 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an bPrótacal chun an Mheánmhuir a chosaint i gcoinne truailliú de dheasca ar thaiscéalaíocht agus ar shaothrú na Scairbhe ilchríochaí agus ghrinneall na farraige agus a fho-ithreach (IO L 4, 9.1.2013, lch. 13).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail tacú le glacadh cinneadh lena leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, agus IV agus Iarscríbhinn VII, roinn A, a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Thaiscéalaíocht agus ó Shaothrú na Scairbhe Ilchríochaí agus Ghrinneall na Farraige agus a Fho-ithreach.

*Airteagal 2*

I bhfianaise forbairtí ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a mhionchoigeartú le linn na gcruinnithe comhordaithe a bheidh ar siúl ar an láthair gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. VRTOVEC

**CINNEADH (AE) 2022/12 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 2 Nollaig 2021**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le chinneadh a ghlacadh chun an Mheánmhuir, ina hiomláine, a ainmniú mar limistéar rialála astaíochtaí ocsaídí sulfair (ECA $SO_x$ na Meánmhara) de bhun Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Coinbhinsiún MARPOL)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún leasaithe maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara ("Coinbhinsiún Barcelona") i gcrích trí bhíthin Chinneadh 1999/802/CE ([1]) ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 9 Iúil 2004.

(2) De bhun Airteagal 18(2), pointe (vi), de Choinbhinsiún Barcelona, tá cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail chun aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a mheas agus a dhéanamh chun críocha Choinbhinsiún Barcelona agus na bPrótacal a bhaint amach. De bhun Riail 43 de Rialacha Nós Imeachta do chruinnithe de na Páirtithe Conarthacha, mura bhforáiltear a mhalairt i gCoinbhinsiún Barcelona, sna prótacail nó sna téarmaí tagartha airgeadais, is é tromlach dhá thrian de na Páirtithe Conarthacha, atá i láthair agus ag vótáil, atá chun cinntí substainteacha a dhéanamh.

(3) Ag an 22ú cruinniú dá gcuid, ón 7 go dtí an 10 Nollaig 2021, táthar ag súil go nglacfaidh na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail cinneadh ("an Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha") le a cur faoi bhráid an 78ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí ("MEPC 78") de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta in 2022, is togra é sin chun an Mheánmhuir, ina hiomláine, a ainmniú mar limistéar rialála astaíochtaí ocsaídí sulfair (ECA $SO_x$ na Meánmhara) agus dáta theacht i bhfeidhm a shonrú.

(4) Baineann Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha le cosaint an chomhshaoil, ar inniúlacht chomhroinnte í idir an tAontas agus na Ballstáit faoi Airteagal 4(2), pointe (e), den Chonradh. Ní chuimsítear Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha faoi aon réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais maidir leis an gcosaint sin. Níl sé de rún ag an Aontas úsáid a bhaint as an bhféidearthacht a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear le Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha nár feidhmíodh a inniúlacht go hinmheánach ina leith go fóill.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail a bhunú ós rud é go mbaineann sé le togra a chur faoi bhráid MEPC 78 sa Chinneadh ó na Páirtithe Conarthacha, thar ceann eagraíochta ina bhfuil an tAontas ina Pháirtí, chun an Mheánmhuir, ina hiomláine, a ainmniú mar limistéar rialála astaíochtaí ocsaídí sulfair (ECA $SO_x$ na Meánmhara), rud a fhágann gurb ionann an gníomh sin agus gníomh ag a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla dá bhrí sin.

(6) Ós rud é go bhfuil sé de chuspóir ag an gCinneadh ó na Páirtithe Conarthacha go dtiocfaidh nuashonrú ar na ceanglais maidir le cosaint na Meánmhara as, i gcomhréir le huaillmhian an Aontais truailliú a laghdú sa chomhshaol muirí agus sláinte an duine a chosaint, ba cheart don Aontas tacú le glacadh Chinneadh na bPáirtithe Conarthacha,

([1]) Cinneadh 1999/802/CE ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1999 maidir leis na leasuithe ar an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar thruailliú ó fhoinsí ar talamh a ghlacadh (Coinbhinsiún Barcelona) (IO L 322, 14.12.1999, lch. 32).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail tacú le glacadh cinnidh maidir le togra a chur faoi bhráid an 78ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, chun an Mheánmhuir, ina hiomláine, a ainmniú mar limistéar rialaithe astaíochtaí ocsaídí sulfair (ECA $SO_x$ na Meánmhara) mar aon le dáta theacht i bhfeidhm a shonrú.

*Airteagal 2*

I bhfianaise forbairtí ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a mhionchoigeartú le linn na gcruinnithe comhordaithe a bheidh ar siúl ar an láthair gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. VRTOVEC

# CINNEADH (AE) 2022/13 ÓN gCOMHAIRLE

## an 2 Nollaig 2021

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir leis an bPlean Réigiúnach maidir le Bruscar Muirí a Bhainistiú sa Mheánmhuir a leasú faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh (Prótacal LBS)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Prótacal leasaithe a ghabhann le Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (“Coinbhinsiún Barcelona”) maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh (“Prótacal LBS2”) i gcrích trí bhíthin Chinneadh 1999/801/CE ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Bealtaine 2008.

(2) De bhun Airteagal 15(1) de Phrótacal LBS, tá cruinniú na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún gona Phrótacail le pleananna gníomhaíochta réigiúnacha a ghlacadh ina mbeidh bearta agus tráthchláir le haghaidh chur chun feidhme na mbeart.

(3) Ag an 22ú cruinniú dá gcuid, ón 7 go10 Nollaig 2021, táthar ag súil go nglacfaidh na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail cinneadh (“an Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha”) chun an Plean Réigiúnach maidir le Bruscar Muirí a Bhainistiú sa Mheánmhuir (“an Plean Réigiúnach”) a leasú faoi chuimsiú Airteagal 15 de Phrótacal LBS. Soláthrófar sainmhínithe nua le Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha agus leathnófar raon feidhme na mbeart i gceithre phríomhréimse (ionstraimí eacnamaíocha, geilleagar ciorclach le haghaidh plaisteach, foinsí bruscair mhuirí ar muir agus foinsí bruscair mhuirí ar talamh).

(4) Baineann Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha le cosaint an chomhshaoil, ar inniúlacht chomhroinnte í idir an tAontas agus na Ballstáit faoi Airteagal 4(2), pointe (e) den Chonradh. Ní chuimsítear Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha faoi aon réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais maidir leis an gcosaint sin. Níl sé de rún ag an Aontas úsáid a bhaint as an bhféidearthacht a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear le Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha nár feidhmíodh a inniúlacht go hinmheánach ina leith go fóill.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail a bhunú, ó tharla go mbaineann sé leis an gCinneadh ó na Páirtithe Conarthacha leasuithe ar an bPlean Réigiúnach a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar an Aontas de bhun Airteagal 15(3) den Phrótacal LBS.

(6) Ós rud é go bhfuil na leasuithe ar an bPlean Réigiúnach atá beartaithe i gcomhréir le huaillmhian an Aontais maidir le truailliú a laghdú agus feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ba cheart don Aontas tacú le glacadh Chinneadh na bPáirtithe Conarthacha,

([1]) Cinneadh 1999/801/CE ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1999 maidir leis na leasuithe ar an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar thruailliú ó fhoinsí ar talamh a ghlacadh (Coinbhinsiún Barcelona) (IO L 322, 14.12.1999, lch. 18).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 22ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail tacú le glacadh an Chinnidh lena leasaítear an Plean Réigiúnach maidir le Bruscar Muirí a Bhainistiú sa Mheánmhuir faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh.

*Airteagal 2*

I bhfianaise forbairtí ag an 22ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a mhionchoigeartú le linn na gcruinnithe comhordaithe a bheidh ar siúl ar an láthair gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. VRTOVEC

# CINNEADH (AE) 2022/14 ÓN gCOMHAIRLE

## an 2 Nollaig 2021

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun Pleananna Réigiúnacha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus le Bainistiú Sloda Séarachais a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh (Prótacal LBS)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh 1999/801/CE ón gComhairle ([1]), thug an tAontas i gcrích an Prótacal leasaithe a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara ("Coinbhinsiún Barcelona") maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh (an "Prótacal LBS") agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Bealtaine 2008.

(2) De bhun Airteagal 15(1) de Phrótacal LBS, tá an cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail le pleananna gníomhaíochta réigiúnacha a ghlacadh ina mbeidh bearta agus tráthchláir maidir lena gcur chun feidhme.

(3) Ag an 22ú cruinniú dá gcuid, ón 7 go dtí an 10 Nollaig 2021, táthar ag súil go nglacfaidh na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail cinneadh ("an Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha") lena nglactar Pleananna Réigiúnacha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus le Bainistiú Sloda Séarachais ("na Pleananna Réigiúnacha") faoi chuimsiú Airteagal 15 de Phrótacal LBS.

(4) Baineann Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha le cosaint an chomhshaoil, ar inniúlacht chomhroinnte í idir an tAontas agus na Ballstáit faoi Airteagal 4(2), pointe (e), den Chonradh. Ní chuimsítear Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha faoi aon réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais maidir leis an gcosaint sin. Níl sé de rún ag an Aontas úsáid a bhaint as an bhféidearthacht a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear le Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha nár feidhmíodh a inniúlacht go hinmheánach ina leith go fóill.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gCruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail a bhunú ós rud é go mbaineann an Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha leis na Pleananna Réigiúnacha a ghlacadh ar pleananna iad a bheidh ina gceangal ar an Aontas de bhun Airteagal 15(3) de Phrótacal LBS.

(6) Ós rud é gurb é is cuspóir do na Pleananna Réigiúnacha nuashonrú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le cosaint na Meánmhara, modhnú a dhéanamh ar ghealltanais agus uaillmhianta idirnáisiúnta an Aontais, agus feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ba cheart don Aontas tacú le glacadh Chinneadh na bPáirtithe Conarthacha,

([1]) Cinneadh 1999/801/CE ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1999 maidir leis na leasuithe ar an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar thruailliú ó fhoinsí ar talamh a ghlacadh (Coinbhinsiún Barcelona) (IO L 322, 14.12.1999, lch. 18).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 22ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail tacú le glacadh an Chinnidh lena nglactar Pleananna Réigiúnacha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus le Bainistiú Sloda Séarachais faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh.

*Airteagal 2*

I bhfianaise forbairtí ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a mhionchoigeartú le linn na gcruinnithe comhordaithe a bheidh ar siúl ar an láthair gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. VRTOVEC

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/15 ÓN gCOIMISIÚN

**an 6 Eanáir 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le steiriliú táirgí cúraim sláinte, próiseáil aiseipteach táirgí cúraim sláinte, córais bainistíochta cáilíochta, siombailí atá le húsáid leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag an monaróir agus ceanglais maidir le hinrianaitheacht mhéadreolaíoch a shuí i gcás luachanna a shanntar do chalabróirí, d'ábhair rialaithe fíre agus do shamplaí daonna**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), feistí atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó leis na codanna ábhartha de na caighdeáin sin, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin sin, ceanglais a chumhdaítear faoi na caighdeáin sin nó faoi na codanna sin díobh.

(2) Cuirfear Rialachán (AE) 2017/746 in ionad Threoir 98/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ón 26 Bealtaine 2022.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2406 ([4]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) go ndéanfaí athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, caighdeáin ar chun tacú le Treoir 98/79/CE a forbraíodh iad, agus go ndréachtófaí caighdeáin chomhchuibhithe nua chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746.

(4) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2406, rinne CEN agus Cenelec athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 11737-1:2018, EN ISO 13408-6:2011, EN ISO 13485:2016, EN ISO 15223-1:2016 agus EN ISO 17511:2003, caighdeáin a bhí ann cheana, chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch is déanaí a chur san áireamh, agus chun na caighdeáin sin a oiriúnú do cheanglais Rialachán (AE) 2017/746. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 13408-6:2021 maidir le próiseáil aiseipteach táirgí cúram sláinte, EN ISO 15223-1:2021 maidir le siombailí atá le húsáid leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag an monaróir agus EN ISO 17511:2021 maidir le ceanglais maidir le hinrianaitheacht mhéadreolaíoch a shuí i gcás luachanna a shanntar do chalabróirí, d'ábhair rialaithe fíre agus do shamplaí daonna agus leasú EN ISO 11737-1:2018/A1:2021 ar an gcaighdeán comhchuibhithe EN ISO 11737-1:2018 maidir le steiriliú táirgí cúraim sláinte agus leasú EN ISO 13485:2016/A11:2021 ar an gcaighdeán comhchuibhithe EN ISO 13485:2016 maidir le córais bainistíochta cáilíochta.

---

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

([3]) Treoir 98/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 1998 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* (IO L 331, 7.12.1998, lch. 1).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021)2406 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil, mar atá caighdeánú i ndáil le feistí leighis chun tacú le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus caighdeánú i ndáil le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(5) Na caighdeáin a ndearna CEN agus Cenelec athbhreithniú orthu, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN agus Cenelec féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2021)2406.

(6) Na caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 13408-6:2021, EN ISO 15223-1:2021 agus EN ISO 17511:2021 agus na leasuithe EN ISO 11737-1:2018/A1:2021 agus EN ISO 13485:2016/A11:2021, is caighdeáin agus leasuithe iad a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/746. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 ([5]) ón gCoimisiún, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746. Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746, chun a áirithiú go liostaítear iad in aon ghníomh amháin, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin EN ISO 13408-6:2021, EN ISO 15223-1:2021 agus EN ISO 17511:2021 agus do na leasuithe EN ISO 11737-1:2018/A1:2021 agus EN ISO 13485:2016/A11:2021 a chuimsiú sa Chinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 a leasú dá réir.

(9) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2021 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 258, 20.7.2021, lch. 50).

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| '5. | EN ISO 11737-1:2018<br>Steiriliú táirgí cúraim sláinte - Modhanna micribhitheolaíochta - Cuid 1: Cinneadh maidir le pobal miocrorgánach ar tháirgí (ISO 11737-1:2018)<br>EN ISO 11737-1:2018/A1:2021 |
| 6. | EN ISO 13408-6:2021<br>Próiseáil aiseipteach táirgí cúram sláinte - Cuid 6: Córais aonraitheora (ISO 13408-6:2021) |
| 7. | EN ISO 13485:2016<br>Feistí leighis - Córais bainistíochta cáilíochta - Ceanglais chun críoch rialála (ISO 13485:2016)<br>EN ISO 13485:2016/A11:2021 |
| 8. | EN ISO 15223-1:2021<br>Feistí leighis - Siombailí atá le húsáid leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag an monaróir - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta (ISO 15223-1:2021) |
| 9. | EN ISO 17511:2021<br>Feistí leighis *in vitro* - Ceanglais maidir le hinrianaitheacht mhéadreolaíoch a shuí i gcás luachanna a shanntar do chalabróirí, d'ábhair rialaithe fíre agus do shamplaí daonna (ISO 17511:2020)'. |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA